# Ollscoil Mhá Nuad
# Maynooth University

## Scoil an Léinn Cheiltigh
### Teagascóir Gaeilge
(Conradh Sealadach 9 mí)

## An Ról

Tá Ollscoil Mhá Nuad tiomanta do straitéis ina bhfuil spriocanna bunaidh sin na hOllscoile, barr feabhais sa taighde agus sa scoláireacht agus oideachas den chéad scoth, fite fuaite ina chéile agus an meas céanna orthu.

Tá Teagascóir Gaeilge á lorg ag an Ollscoil le tacú le teagasc agus measúnú na Gaeilge i Scoil an Léinn Cheiltigh. Beidh an té a cheapfar freagrach do Stiúrthóir Lárionad na Gaeilge: Taighde, Teagasc agus Tástáil.

## Príomhdhualgais

Beidh ar an Teagascóir Gaeilge tabhairt faoi pé dualgais a shonróidh an Ollscoil taobh istigh d'uaireanta oibre an chonartha, i sásamh Stiúrthóir Lárionad na Gaeilge. Féadfaidh na dualgais seo a leanas a bheith i measc na ndualgas sin, ach níl siad teoranta dóibh:

- Cuidiú le curaclam na Gaeilge a theagasc trí na meáin seo a leanas: ranganna teagaisc, léachtaí, ceardlanna teanga, clinicí teanga (ina múinfear scileanna éagsúla teanga agus cumarsáide, lena n-áirítear an Ghaeilge labhartha agus scríofa, chomh maith le scileanna cluastuisceana agus léamhthuisceana).
- Ábhar teagaisc a dhearadh, a bhailiú agus a uasdátú, lena úsáid i ranganna teanga ar an gcampas agus i gcúrsaí cianfhoghlama agus i gcúrsaí foghlama cumaisc.
- Dul i gcomhairle le Stiúrthóir Lárionad na Gaeilge agus le baill eile na Scoile le forbairt agus uasdátú a dhéanamh ar an gcuraclam teanga.
- An t-ullmhúchán riachtanach go léir a dhéanamh chun go mbeifear in ann ábhar na gcúrsaí a mhúineadh, an fhoghlaim idirghníomhach a threorú, eolas a thabhairt agus ceisteanna na mac léinn a fhreagairt.
- Anailís a dhéanamh ar riachtanais na mac léinn, monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéanann siad, aiseolas éifeachtach a thabhairt dóibh go rialta, agus aon ábhar imní i dtaca le feidhmíocht na mac léinn a chur ar a s(h)úile d'Eagraí an Chúrsa.
- Páirt a ghlacadh, faoi mhaoirseacht, in obair chúrsa, scrúduithe scríofa nó cineálacha eile measúnaithe a cheartú agus a mharcáil.
- Cuidiú le scrúduithe cainte.

